Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Eanáir 2023**
**(OR. en)**

**5225/23**

**ENT 4**
**MI 15**
**COMPET 18**
**CHIMIE 1**
**IND 4**
**SAN 13**
**ENV 22**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Eanáir 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | […](2022) XXX draft - D 084711/2 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh agus atá faoi réir srianta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad […](2022) XXX draft - D 084711/2.

---

Faoi iamh: […](2022) XXX draft - D 084711/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
D084711/02
[…](2022) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh agus atá faoi réir srianta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh agus atá faoi réir srianta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún[1], agus go háirithe Airteagal 68 (2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard a dhéantar le hiontrálacha 28, 29 agus 30 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, toirmeasc a chur ar shubstaintí a aicmítear mar shubstaintí atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh (CMR), catagóirí 1A nó 1B, a chur ar an margadh agus a úsáid lena soláthar don phobal, agus a liostaítear i bhFoscríbhinní 1 go 6 a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin, agus ar mheascáin ina bhfuil na substaintí sin lastuas de thiúchan sainithe.

(2) Substaintí a aicmítear mar CMR, is substaintí iad a liostaítear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

(3) Maidir le Foscríbhinní 2 agus 6 a ghabhann le hIarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, ba cheart iad a leasú ionas go mbeidh siad ag teacht le haicmiú nua substaintí mar CMR i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/692 ón gCoimisiún[3]. Dá bhrí sin, na substaintí nua-aicmithe CMR atá i gcatagóirí 1A nó 1B , is iomchuí iad a chur le Foscríbhinní 2 agus 6 a ghabhann le hIarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

---

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/692 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena leasaítear, chun í a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (IO L 129, 3.5.2022, lch. 1).

(4) Is ón 1 Nollaig 2023 a bheidh feidhm ag aicmiú nua substaintí i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. An srian a thugtar isteach leis an Rialachán seo a mhéid a bhaineann leis na substaintí a aicmítear le Rialachán (AE) 2022/692 mar shubstaintí CMR de chatagóir 1A nó 1B, ba cheart feidhm a bheith aige ón dáta céanna dá bhrí sin. Ní chuireann an dáta cur i bhfeidhm cosc ar oibreoirí na srianta a chur i bhfeidhm níos túisce, srianta ar shubstaintí CMR de chatagóir 1A nó 1B a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/692.

(5) Áirítear roinnt iontrálacha grúpa i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. I gcásanna áirithe, tá ceanglais maidir le haicmiú ann i ndáil le substaintí ar leith a bheadh cumhdaithe ag an iontráil ghrúpa. I gcásanna den sórt sin, áirítear iontráil shonrach i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 i gcás na substainte agus ansin déantar an iontráil ghrúpa sa Rialachán sin a anótáil leis an bhfrása 'seachas iad siúd a shonraítear in áit eile san Iarscríbhinn seo'. Dá bhrí sin, ionchorprú na substaintí sin i bhFoscríbhinní 1 go 6 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, caithfidh sé a bheith ag teacht leis an nóta mínithe a thagraíonn d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Is cosúil, áfach, go dtagraíonn an téacs sna hiontrálacha darb uimhreacha innéacs 033-005-00-1, 050-008-00-3, 082-001-00-6, 609-026-00-2 agus 650-017-00-8 d'Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 seachas d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha sin a oiriúnú dá réir sin.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a leasú dá réir sin.

(7) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 133(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointí (2) agus (5) den Iarscríbhinn ón 1 Nollaig 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula von der Leyen*